Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Feabhra 2024
(OR. en)

6532/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0143(COD)**

**CODEC 462
ENFOCUSTOM 30
ENFOPOL 71
DATAPROTECT 82
JAI 256**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh 2009/917/CGB ón gComhairle a mhéid a bhaineann lena ailíniú le rialacha an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 11 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 16(2) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 4 Iúil 2023[2].

3. An 6 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle[3].

[1] 9375/1/23 REV1
[2] https://www.edps.europa.eu/system/files/2023-07/23-07-04_opinion_regulation_council_decision_alignment_data_protection_rules_en.pdf
[3] 6268/24

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in PE-CONS 89/23 mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.